

## Costas Caiteachas Cánach (Creidmheasanna, Liúntais agus Faoisimh) – Nótaí

Léirítear ar na táblaí gaolmhara “Creidmheasanna, Liúntais agus Faoisimh” an costas measta i dtéarmaí ioncaim géillte ó chreidmheasanna cánach pearsanta agus ó na príomhfhaoisimh agus na príomh-asbhaintí atá incheadaithe faoin gcóras Cánach Ioncaim. Tá roinnt faoiseamh san áireamh ann a bhaineann le daoine aonair agus le cuideachtaí agus tá Cáin Ioncaim agus Cáin Chorparáide á clúdach ag an gcostas a léirítear i dtaca leis na faoisimh seo.

Tá na figiúirí uile bunaithe ar an gcáin dhlite i dtaca le measúnuithe do gach bliain, agus níl siad bunaithe ar na fáiltais chánach taobh istigh den bhliain sin. Is de réir tagairt do na tréimhsí cuntasáochta a chríochnaigh sa bhliain léirithe atá na costais atá san áireamh le haghaidh Cáin Chorparáide.

Léirítear líon éilitheoirí gach creidmheasa nó faoisimh le haghaidh an dá bhliain, chomh fada agus atá siad ar fáil. Is éard atá sna figiúirí ná na cáiníocóirí a ndéanfaí dochar dóibh tríd an gcreidmheas nó an faoiseamh cuí a tharraingt siar.

Tá gach creidmheas nó liúntas cánach á láimhseáil ar leithligh agus ar an mbunús nach bhfuil an chuid eile den chóras cánach athraithe. Bheadh sé míchruinn, dá réir, ríomh a dhéanamh ar an éifeacht a bhainfeadh le gach creidmheas, faoiseamh agus liúntas a tharraingt siar, díreach trí na figiúirí a shuimiú.

Meastacháin shealadacha atá iontu i mórán cásanna agus féadfaidh siad a bheith faoi réir athbhreithniú i bhfianaise eolais a thiocthadh ina dhiaidh.

Tá na figiúirí a bhfuil réiltín (\*) leo go speisialta sealadach agus tá siad faoi réir lamháil shuntasach earráide.

### Nótaí:

- (1) Áirítear sa chostas seo an ráta díolmhaithe d’aois chaighdeánach agus an díolúine mhéadaithe cheadaithe.
- (2) Ó 2017 ar aghaidh, tá athbhreithniú déanta ar na modheolaíochtaí costála.
- (3) Lena n-áirítear sealbhóirí polasaí ina raibh suibscríbhinní fostaithe maoinithe ag fostóirí.
- (4) Tá meastacháin ar an gcostas do sholáthar pinsean príobháideach bunaithe ar na sonraí comhiomlána atá ar fáil i dtaca le ranníocaíochtaí le scéimeanna pinsin ó fhostóirí agus fostaithe.
- (5) Ciallaíonn “Eile” iasachtaí chun críocha amhail leas a fháil i gcuideachta nó i gcomhpháirtíocht.
- (6) Déantar an costas seo a ríomh ar ioncam a n-áirítear leis ioncam ó dhíbhinní a n-aisíoctar Cáin Ioncaim ina leith a asbhaineadh ag an bhfoinse, chomh maith le hioncam eile infheistíochta, íocaíochtaí cúnaint agus tabhartais ó lucht corparáide, lucht féinfhostaithe agus na hearnálacha ÍMAT le comhlachtaí ceadaithe.
- (7) Léiríonn líon na ndíolúintí iomlán na n-éileamh a fuair an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí in aon bhliain amháin.
- (8) Ní áirítear sa chostas seo suimeanna móra liúntas caipitiúil neamhúsáidte atá ar fáil le fritháireamh mar chaillteanais i dtréimhsí cuntasáochta amach anseo.
- (9) Is éard atá sa chostas cánach a léirítear i gcás faoisimh de chineál Alt 23 ná an costas cánach deiridh measta a bhaineann leis an gcaiteachas ceadaithe iomlán i ndáil leis na héilimh a rinneadh den chéad uair sna blianta a léirítear. Ní léirítear an costas ach do chásanna Cánach Ioncaim amháin.

- (10) Is tagairt é an briseadh síos de réir bliana don bhliain a rinne úinéirí tí oibreacha cáilitheacha faoin scéim, agus luach na gcreidmheasanna cánach incháilithe atá le héileamh de thoradh air seo. Réadófar an costas don Státchiste sna blianta ina dhiaidh de réir mar a éilíonn úinéirí tí na creidmheasanna cánach.
- (11) Bhí an costas as riocht go mór go háirithe in 2012 mar thoradh ar líon na gcásanna móra. Dá gcuirfí as an áireamh iad, bheadh costas €128.2m ar an bhfaoiseamh.
- (12) (13) Tá na faoisimh seo i bhfeidhm mar aitheantas don ghá go mbeadh eintitis chorparáideacha in ann a gcuid gnó a atheagrú, a athstruchtúru agus a chónascadh mar chuid dá bhforbairt leanúnach gan muirir teicniúla Dleachta Stampa a thabú. Gné choitianta de chórais cánach i dtíortha forbartha iad faoisimh dá leithéid sin.
- (14) Tá Sochar Máithreachais iníoctha ag an Roinn Coimirce Sóisialaí ón 1 Iúil 2013 faoi dhliteanas cánach.
- (15) Baineann an costas a léirítear leis an nGrúpfhaoiseamh fritháirithe in aghaidh ioncam trádála.
- (16) Ó 2009 léirítear Costais Sláinte ar leithligh mar Chostais Tithe Altranais agus Costais Sláinte eile.
- (17) Is é seo uaschostas na díolúine.
- (18) Tabhair do d'aire go léiríonn na huimhreacha iomlán na n-éilitheoirí le haghaidh Costais Tithe Altranais agus Costais Sláinte "Eile" araon.
- (19) Ceadaítear faoiseamh tosaigh ar thríocha daichead (30/40) den infheistíocht DFI sa bhliain a rinneadh an infheistíocht. Beidh faoiseamh i leith deich ndaichead bhreise (10/40) den infheistíocht DFI ar fáil sa cheathrú bliain tar éis an infheistíocht DFI a dhéanamh. San áireamh sna costais tá an dara sciar más ann dóibh. Is éard atá sna figiúirí taifeadta i ndáil le 2012 ná na figiúirí le haghaidh 2011 agus 2012 araon in éineacht.
- (20) Tá na suimeanna díolmhaithe ó CMÁ bunaithe ar éilimh a rinneadh i dtuairisceáin agus a bheidh faoi réir seiceálacha áirithe fíorúcháin. Ina theannta sin, níl éifeacht iomlán na ndíolúintí léirithe sna staitisticí toisc, sa chás gur éilíodh díolúine, ní iarrtar ar úinéir na maoine i gcónaí a mhaoin a luacháil.
- (21) In ainneoin go bhfuil Iarchurthaí CMÁ géillte i mbliain áirithe, táthar fós dlite don Státchiste ar dháta ina dhiaidh sin.
- (22) Níl an costas cánach ar fáil ós rud é gurb é an t-aon eolas i leith an fhaoisimh seo atá ar fáil ná an chomaoin diúscartha seachas an gnóthachan incháinithe géillte.